

## Ceacht Prionta le Naíonáin 'Clúdach Sócuil do mo Leaba' Gemma Mc Girr

<b>Snáth Curaclaim:</b>	Prionta (Curaclam Amharcealaíona Ich. 20)
<b>Cuspóir:</b>	<i>Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh priontaí simplí (Ich. 20)</i>
<b>Nasc:</b>	Fabraic agus Snáithín > <i>Colláisí simplí a dhéanamh (Ich. 23)</i>
<b>Féidearthachtaí Imeasctha:</b>	<p><b>Teanga Labhartha:</b> <i>Bain triail as focail thuairisciúla chun sonraí mionléiritheacha a thabhairt (Ich. 18)</i></p> <p><b>Eolaíocht:</b> (1) Breathnaigh agus fiosraigh réimse ábhar coitianta sa timpeallacht láithreach (2) Fiosraigh airíonna éagsúla ábhar (Ich. 27)</p> <p><b>SPHE:</b> <i>Déan roghanna pearsanta a aithint agus a tháifead (Ich. 16)</i></p> <p><b>Matamaitic:</b> (1) Déan patrún a aithint, a chóipeáil agus a mhéadú i ndath, i gcruth agus i méid (Ich. 26) (2) Déan cruthanna 2-T a shortáil agus a ainmniú: <i>cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog (Ich. 29)</i></p>

### Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

**Ábhair Riachtanacha:** Páipéir (cruthaíonn bileoga de pháipéar daite siúcra éifeachtaí gleoite)  
 Péint phóstaerí gorm, buí, dearg, bán agus dubh  
 Soithigh uisce  
 Scuabanna  
 Pailéid agus/nó plátaí  
 Coirc, spúinsí d'uígeachtaí éagsúla, cumhdach bolgóideach, seanscuabanna  
 fiacla, scuabanna ingne, mirlíní, liathróidí gailf, lego, caipíní buidéal, cleití,  
 seanspólaí snáth, pionnaí éadaí, cárta rocnach, páipéar fáiscithe, blúirí  
 fabraice, bachlóga Bruiséile (gearrtha trína lár), duilleoga, píosaí cufróige,  
 leylandi nó féir, lámh, méara, aon rud is féidir a thomadh i bpéint chun  
 prionta a dhéanamh!  
 Ceirteacha J-cloth (nó seantuáillí tae/tuáillí gearrtha go méid éadach  
 aghaidhe)

**Spreagadh:** "Conas a mhothaíonn do leaba nuair a dhúisíonn tú ar maidin? Cad atá soiprithe timpeall ort? An bhfuil do rogha clúdaigh ar dhúivé do leaba? Cad iad na dathanna a fheiceann tú ar do chlúdach? An bhfuil pictiúr nó patrún ann? Inis dúinn faoi. Cén dathanna is fearr leat? An mbeifeá in ann clúdach nua a dheardh don dúivé? Cad iad na cruthanna a d'fhéadfá a úsáid? Cad iad na dathanna ba mhaith leat air? An féidir leat patrúin a dhéanamh le cruthanna agus dathanna? An bhféadfaimís aon cheann díobh seo (taispeáin an bailiúchán nithe faighte do dhéanamh priontaí do na leanaí) a úsáid chun cruthanna agus patrúin a dhéanamh? Smaoinigh ar an gclúdach gleoite ba mhaith leat do do leaba agus socraigh cad ba mhaith leat a úsáid chun an clúdach sin a dhéanamh."

**Gníomhaíocht:** Lig do na leanaí an páipéar daite agus na nithe faighte ba mhaith leo a úsáid a roghnú chun a gcuid priontaí a dhéanamh. Spreag iad chun dathanna a mheascadh agus chun tuairisc a thabhairt faoi na huigeachtaí, na cruthanna agus na patrúin atá á ndéanamh acu leis na nithe faighte éagsúla. Iarr ar na leanaí féachaint ar na priontaí nuair a bhíonn siad tirim. D'fhéadfadh siad sonraí a chur leo le pinn luaidhe daite nó criáin. Nuair a bhíonn na leanaí sásta lena bpriontaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

**Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpriontaí a phlé. Bainfidh siad taitneamh as a mhíniú conas a fuair siad 'dathanna nua' le meascán de na príomhdhathanna agus conas ar chruthaigh siad uigeachtaí, patrúin agus cruthanna leis na nithe faighte. Is féidir é seo a dhéanamh le 'Cathaoir an Ealaíontóra' mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid priontaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Cuir priontaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt d'fhabraicí priontáilte agus do phictiúir de phriontaí. D'fhéadfadh clúdach priontáilte féiríní, póstaerí, leathanaigh as irisí, agus priontaí d'eagrán teoranta a bheadh agat féin nó ar iasacht ó leabharlann a bheith ina measc.

**Gníomhaíochtaí breise:**

D'fhéadfadh na leanaí líníochtaí móra díobh féin sa leaba a dhéanamh agus an leathanach priontáilte a úsáid mar dhuivé. D'fhéadfaidís colláis a dhéanamh den chlúdach le blúirí fabraice freisin.

**Féidearthachtaí TCF:**

Féadfaidh na leanaí an feidhmchlár Paint ar an ríomhaire a úsáid chun patrún cruthanna agus dathanna a athdhéanamh.

**An DVD Is Ealaíontóir Mé****a Úsáid :**

Tugann na cláir *Prionta* le haghaidh naíonáin ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh priontaí le bailiúchán de nithe faighte, le béim ar uigeacht, patrún agus dath.

**Nóta:**

Coinnigh ceirteacha taise ar na boird agus na leanaí ag obair. Tá siad go hiontach chun péint a ghlanadh as a lámha láithreach, agus chun aon doirteadh timpisteach a ghlanadh suas.

**Ealaíontóirí Ábhartha:****Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Cuireann an suíomh idirlín Kinderart réimse ceachtanna atá oiriúnach do Ranganna Naíonán ar fáil do mhúinteoirí. Seo nascanna chuig roinnt cinn mhaithe -

(1) Déanamh priontaí ag úsáid torthaí agus glasraí.

<http://www.kinderart.com/printmaking/fruit.shtml>

(2) Déanamh priontaí ag úsáid liathróidí leadóige! Tá liathróidí gailf úsáidte agam le haghaidh déanamh priontaí le naíonáin, bhainfidís taitneamh as an gceann seo freisin! Ba mhaith liom a mholadh go ndéanfaí na liathróidí gailf a rolladh sa phéint agus iad a rolladh ar an leathanach ansin, seachas ligint dóibh titim ar an leathanach.

<http://www.kinderart.com/printmaking/tennis.shtml>

(3) Déanamh priontaí ag úsáid trádairí polaistiréin a mbíonn torthaí orthu sna hOllmhargaí. Is furasta é a leanúint agus tabharfaidh sé buntuisceant do leanaí óga faoi dhéanamh priontaí rilífe.

<http://www.kinderart.com/printmaking/styro.shtml>

Taispeánann Dánlann Déantóirí Priontaí Washington íomhánna ó dhéantóirí priontaí éagsúla agus tugann sé eolas faoi theicnící déanamh priontaí.

<http://www.washingtonprintmakers.com/artists/macdonald.htm>